Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8372/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0092 (NLE)**

**VISA 41**
**MIGR 110**
**RELEX 530**
**COAFR 101**
**COMIX 96**
***CH***
***IS***
***LI***
***NO***

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 167 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1341 maidir le forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ar fionraí i leith na hAetóipe a aisghairm |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 167 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 167 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.4.2026
COM(2026) 167 final

2026/0092 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1341 maidir le forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ar fionraí i leith na hAetóipe a aisghairm**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

I gcomhréir le hAirteagal 25a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 (an 'Cód Víosaí')[1], déanfaidh an Coimisiún measúnú go tráthrialta ar an gcomhar ó na tríú tíortha maidir le hathligean isteach agus tabharfaidh sé tuarascáil don Chomhairle ar a laghad uair amháin sa bhliain.

Ar bhonn an ceathrú measúnú bliantúil a rinneadh ar an gcomhar a glacadh in 2023 agus lenar cumhdaíodh an bhonnbhliain 2022, agus aird á tabhairt ar na bearta a rinne an Coimisiún chun feabhas a chur ar an leibhéal comhair ón tríú tír lena mbaineann i réimse an athligean isteach agus ar chaidreamh foriomlán an Aontais leis an tríú tír sin, mheas an Coimisiún nach raibh an Aetóip ag oibriú i gcomhair go leordhóthanach agus go raibh gá le gníomhaíocht dá bhrí sin. An 27 Meán Fómhair 2023, i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 25a(5) den Chód Víosaí, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lenar cuireadh ar fionraí cur i bhfeidhm na bhforálacha in Airteagal 14(6), pointe (b) d'Airteagal 16(5), Airteagal 23(1) agus Airteagail 24(2) agus (2c) den Chód Víosaí i ndáil le náisiúnaigh den Aetóip. Ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1341 an 29 Aibreán 2024[2].

I gcomhréir le hAirteagal 25a(6) den Chód Víosaí, déanfaidh an Coimisiún measúnú agus tuairisciú leanúnach, ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach i mír 2 den Airteagal sin, i dtaobh an féidir feabhas substaintiúil marthanach ar an gcomhar leis an tríú tír lena mbaineann maidir le hathligean isteach a shuí agus, agus caidreamh foriomlán an Aontais leis an tríú tír sin á chur san áireamh freisin, féadfaidh sé togra a chur faoi bhráid na Comhairle chun na cinntí cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal sin a aisghairm nó a leasú.

Ar bhonn an séú measúnú bliantúil ar chomhar a glacadh in 2025[3] agus lena gcumhdaítear an bhonnbhliain 2024, thug an Coimisiún dá aire an ghníomhaíocht shubstaintiúil a rinne an Aetóip agus an treocht dhearfach maidir le feabhas a chur ar an gcomhar, ar ghá dul chun cinn marthanach a dhéanamh de.

Ar bhonn an mheasúnaithe leanúnaigh ar an gcomhar, lena n-áirítear i meithleacha ábhartha na saineolaithe teicniúla agus na Comhairle, agus ar bhonn an dul chun cinn mharthanaigh a tugadh faoi deara sa séú Meitheal Chomhpháirteach a tionóladh an 18 Feabhra 2026, measann an Coimisiún, ó tháinig Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1341 ón gComhairle i bhfeidhm, gur féidir feabhas substaintiúil marthanach ar an gcomhar maidir le hathligean isteach a shuí i dtaobh náisiúnaigh den Aetóip atá ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch na mBallstát a shainaithint, agus i dtaobh doiciméid taistil éigeandála a eisiúint agus oibríochtaí um fhilleadh a eagrú go tráthrialta. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí togra a chur síos le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1341 ón gComhairle.

*Cás na hAetóipe*

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí), IO L 243, 15.9.2009, lch. 1.

[2] CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1341 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ar fionraí i leith na hAetóipe.

[3] COM(2025) 416 final an 15 Iúil 2025.

I mí Feabhra 2018, thug an tAontas socrú neamhcheangailteach um athligean isteach leis an Aetóip i gcrích ('Nós imeachta um chead isteach maidir le filleadh Aetópach ó Bhallstáit den Aontas Eorpach'). Ó shin i leith, tionóladh sé chruinniú den Mheitheal Chomhpháirteach chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chomhaontaithe.

Sa cheathrú tuarascáil Airteagal 25a de 2023, mheas an Coimisiún nár leor an comhar ón Aetóip in 2022 maidir le hathligean isteach. Bhí dúshláin leanúnacha ann maidir le náisiúnaigh den Aetóip atá ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch na mBallstát a shainaithint, mar gheall ar an easpa freagartha ó údaráis na hAetóipe maidir leis na hiarrataí ar athligean isteach, deacrachtaí i ndáil le heisiúint doiciméad taistil éigeandála lena n-áirítear nuair a bhí an náisiúntacht deimhnithe roimh ré, agus deacrachtaí i ndáil le heagrú oibríochtaí um fhilleadh deonach agus éigeantach ar eitiltí sceidealaithe agus cairtfhostaithe.

In ainneoin iarrachtaí chun dlús a chur leis an rannpháirtíocht maidir le hathligean isteach agus an tsoláthair cúnaimh theicniúil ón Aontas, níor tháinig feabhas ar an gcomhar leis an Aetóip maidir le hathligean isteach. Chuir an tAontas teachtaireachtaí soiléire in iúl don Aetóip maidir leis an ngá feabhas a chur ar an gcomhar i ndáil lena náisiúnaigh nach bhfuil aon cheart acu fanacht i mBallstáit an Aontais a athligean isteach agus an socrú um athligean isteach a chur chun feidhme ina iomláine, lena n-áirítear trí shainaithint thapa agus doiciméid taistil éigeandála a eisiúint i leith na bhfillteacha uile, lena n-áirítear fillteacha éigeantacha. Mar gheall ar an easpa feabhais in ainneoin na mbeart a rinne an Coimisiún go dtí seo, agus aird á tabhairt ar chaidreamh foriomláin an Aontais leis an Aetóip, measadh nach raibh an comhar ón Aetóip leis an Aontas maidir le hathligean isteach leordhóthanach agus go raibh gá le tuilleadh gníomhaíochta. Dá bhrí sin, mhol an Coimisiún bearta víosa i mí Mheán Fómhair 2023, bearta a ghlac an Chomhairle i mí Aibreáin 2024.

Sa séú tuarascáil Airteagal 25a a glacadh i mí Iúil 2025 agus lena gcumhdaítear an bhonnbhliain 2024, thug an Coimisiún dá aire an ghníomhaíocht shubstaintiúil a rinne an Aetóip agus an treocht dhearfach maidir le feabhas a chur ar an gcomhar, ar ghá dul chun cinn marthanach a dhéanamh de. Chuir an Aetóip tús arís le próiseáil cásanna um fhilleadh éigeantach agus le heisiúint doiciméad taistil éigeandála a bhfuil bailíocht iomchuí acu (mar a léirítear sa socrú um athligean isteach) agus chuir sí feabhas ar a freagrúlacht i dtaobh údaráis na mBallstát. Reáchtáladh trí mhisean aitheantais in 2024 agus ceann amháin in 2025, agus bhí torthaí dearfacha ann maidir le náisiúntacht a dheimhniú agus maidir le hamlínte a fheabhsú chun torthaí a chur in iúl, agus maidir leis an ngealltanas a tugadh do na Ballstáit go n-eiseofaí doiciméid taistil éigeandála arna iarraidh sin do gach cás. Reáchtáladh an chéad oibríocht chairteitilte ó mhí 2021 ann i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus lean comhar trí chairteitiltí ar aghaidh le linn 2025. I mí na Nollag 2025, d'eagraigh an tAontas oiliúint rathúil sa Bhruiséil maidir le teicnící fíoraithe náisiúntachta do riarachán náisiúnta na hAetóipe agus a consalachtaí san Eoraip.

Ar bhonn an mhéid thuas, measann an Coimisiún gur féidir feabhas substaintiúil marthanach ar an gcomhar maidir le hathligean isteach a shuí agus molann sé Cinneadh Cur Chun Feidhme 2024/1341 ón gComhairle a aisghairm.

*Caidreamh foriomlán an Aontais leis an Aetóip*

Is tír ríthábhachtach í an Aetóip maidir leis an gcobhsaíocht i gCorn na hAfraice. Is í an dara tír is mó daonra san Afraic í (110 milliún cónaitheoir), agus is óstaí í ar bheagnach 1,1 milliún dídeanach ón réigiún. Tá coinbhleacht inmheánach ar siúl san Aetóip ó bhí mí na Samhna 2020 ann, rud a raibh síniú an Chomhaontaithe um Sos Buan sa Chogaíocht in Pretoria na hAfraice Theas an 2 Samhain 2022 mar thoradh air. Le linn na céime criticiúla den choinbhleacht sa tSúdáin a thosaigh i mí Aibreáin 2023, sholáthair údaráis na hAetóipe

cúnamh substaintiúil maidir le heisiúint víosaí agus maidir le saoráidí ag an teorainn nuair a bhí náisiúnaigh an Aontais á n-aslonnú ón tSúdáin.

Tairbhíonn an tír de rochtain saor ó dhleacht agus saor ó chuóta ar an margadh Eorpach faoin scéim ‘Gach Ní Seachas Airm’.

Is ball den Údarás Idir-Rialtasach ar Fhorbairt agus de Choiste Stiúrtha Phróiseas Chartúm í an Aetóip. Is páirtí í an Aetóip i gComhaontú Shamó. Tá an Aetóip ina comhpháirtí tábhachtach ag an Aontas, agus tá an chomhpháirtíocht sheanbhunaithe sin ann le breis agus 40 bliain. In 2016 shínigh an tAontas agus an Aetóip ‘Rannpháirtíocht Straitéiseach’ a cheanglaíonn dlúthchomhar ar an dá thaobh maidir le réimsí éagsúla lena n-áirítear síocháin agus slándáil réigiúnach, trádáil agus infheistíocht, agus imirce agus easáitiú éigeantach. Tugann an tAontas cúnamh don Aetóip tríd an gClár Ilbhliantúil Táscach (MIP) don Aetóip 2024-2027, cúnamh a bhí socraithe ag EUR 650 milliún ar dtús agus a athraíodh go EUR 609 milliún tar éis athbhreithniú meántéarma. Is dul chun cinn nach beag é an tionscnamh seo maidir le rannpháirtíocht an Aontais leis an Aetóip, arb é atá ann anois comhpháirtíocht infheistíochta inbhuanaithe fhadtéarmach seachas freagairt ar ghéarchéimeanna agus tacaíocht atógála mar a bhíodh. Cumhdaíonn sé na trí réimse tosaíochta seo a leanas: an Comhaontú Glas, an Fhorbairt Dhaonna (lena n-áirítear an imirce agus an t-easáitiú éigeantach) agus Rialachas/Comhdhlúthú na síochána.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an cinneadh atá beartaithe comhsheasmhach leis an gCód Víosaí lena socraítear rialacha comhchuibhithe an chomhbheartais víosaí lena rialaítear na nósanna imeachta agus na coinníollacha maidir le víosaí a eisiúint le haghaidh tréimhsí fanachta atá beartaithe ar chríoch na mBallstát nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá. Tá an cinneadh atá beartaithe comhsheasmhach freisin leis an togra roimhe seo chun na bearta a bhunú[4].

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Cuireann an tAontas cur chuige cuimsitheach chun cinn maidir leis an imirce agus an t-easáitiú éigeantach, cur chuige atá bunaithe ar luachanna agus freagrachtaí comhroinnte. Sa Chomhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann tá sé beartaithe comhpháirtíochtaí cothroma cuimsitheacha saincheaptha a fhorbairt agus a shaothrú chun an comhar a chothú maidir le gach gné atá ábhartha:

– Cosaint a sholáthar dóibh siúd a bhfuil gá acu léi agus tacaíocht a sholáthar do thíortha óstacha agus do phobail óstacha;

– Deiseanna eacnamaíocha a chothú agus aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna le himirce neamhrialta agus le heasáitiú éigeantach;

– Tacú le comhpháirtithe chun rialachas agus bainistiú na himirce a neartú;

– Comhar a chothú maidir leis an bhfilleadh agus leis an athligean isteach;

– Conairí dlíthiúla isteach san Eoraip a fhorbairt.

Gné thábhachtach den bheartas sin is ea an comhar idir na Ballstáit agus tríú tíortha maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a athligean isteach. Sna conclúidí a

---

4 Togra ón gCoimisiún le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE maidir le forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ar fionraí a mhéid a bhaineann leis an Aetóip, COM(2023) 568 final 2023/0344.

thug an Chomhairle i mí Dheireadh Fómhair 2024, d'iarr sí go ndéanfaí gníomhaíocht dhiongbháilte ar gach leibhéal chun filleadh ón Aontas Eorpach a éascú, a mhéadú agus chun dlús a chur leis, trí úsáid a bhaint as beartais, ionstraimí agus uirlisí ábhartha uile an Aontais, lena n-áirítear taidhleoireacht, forbairt, trádáil agus víosaí[5].

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí), Airteagal 25a(6).

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Neamhbhainteach

- **Comhréireacht**

Is é is cuspóir don bheart atá beartaithe na bearta víosa a aisghairm, agus aitheantas á thabhairt don dul chun cinn substaintiúil marthanach sa chomhar atá bainte amach ag an Aetóip, go háirithe i ndáil leis na heasnaimh a sainaithníodh, agus i ndáil le borradh a chur faoi na hiarrachtaí. Tá an beart comhréireach leis an gcuspóir atá á shaothrú.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach

- **Cearta bunúsacha**

Mar gheall ar aisghairm na mbeart víosa, próiseálfar iarratais ar víosaí arís faoi rialacha caighdeánacha an Chóid Víosaí, agus dá bhrí sin ní dhéanfar difear do chearta bunúsacha.

---

[5] EUCO 25/24.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Neamhbhainteach

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leagtar amach in *Airteagal 1* go n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1341 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 a chur ar fionraí i leith na hAetóipe.

In *Airteagal 2* liostaítear iad siúd a ndírítear an cinneadh atá beartaithe orthu, i.e. na Ballstáit ábhartha.

2026/0092 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1341 maidir le forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ar fionraí i leith na hAetóipe a aisghairm**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí)[6], agus go háirithe Airteagal 25a(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Measadh nach raibh an comhar ón Aetóip maidir le hathligean isteach in 2022 leordhóthanach i gcomhréir le hAirteagal 25a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009. Bhí gá le feabhas mór ar an gcomhar maidir le gach céim den phróiseas i ndáil le hathligean isteach, lena n-áirítear feabhas chun a áirithiú go gcomhoibríonn an Aetóip go héifeachtach leis na Ballstáit uile ar bhealach tráthúil intuartha maidir leis an tsainaithint agus le heisiúint na ndoiciméad taistil, chomh maith leis na n-oibríochtaí um fhilleadh.

(2) Agus na bearta arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun feabhas a chur ar an leibhéal comhair, agus ar chaidreamh foriomlán an Aontais leis an Aetóip á gcur san áireamh, measadh nach raibh gá le gníomhaíocht ón Aontas.

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1341 ón gComhairle[7] cuireadh cur i bhfeidhm forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ar fionraí i ndáil le náisiúnaigh den Aetóip. Ba é ba chuspóir dó sin an Aetóip a spreagadh chun tabhairt faoi na gníomhaíochtaí is gá chun feabhas a chur ar an gcomhar maidir le hathligean isteach.

(4) Ba iad na forálacha a cuireadh ar fionraí na forálacha sin dá dtagraítear in Airteagal 25a(5), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, mar atá sa chás seo a leanas: an rogha ceanglais a tharscaoileadh i ndáil leis an bhfianaise dhoiciméadach dá dtagraítear in Airteagal 14(6) a bhíonn le cur isteach ag iarratasóirí ar víosa, í a chur ar fionraí, an ghnáth-thréimhse próiseála 15 lá féilire dá dtagraítear in Airteagal 23(1) a chur ar fionraí, rud a d’fhágfadh go n-eisiafaí cur i bhfeidhm na rialach lena gceadaítear síneadh suas le 45 lá ar a mhéad ar an tréimhse sin i gcásanna aonair amháin, agus dá réir sin go mba thréimhse 45 lá a bheadh sa tréimhse phróiseála

[6] IO L 243, 15.9.2009, lch. 1.

[7] CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1341 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ar fionraí i leith na hAetóipe.

chaighdeánach, eisiúint víosaí dul isteach iolrach i gcomhréir le hAirteagal 24(2) agus (2c) a chur ar fionraí, agus tarscaoileadh roghnach na táille víosa i gcás sealbhóirí pasanna taidhleoireachta agus pasanna seirbhíse i gcomhréir le hAirteagal 16(5), pointe (b) a chur ar fionraí.

(5) Sa mheasúnú leanúnach a rinne an Coimisiún ar an gcomhar ón Aetóip maidir le hathligean isteach ó tháinig Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1341 ón gComhairle i bhfeidhm, léirítear gur féidir feabhas substaintiúil marthanach ar an gcomhar maidir le hathligean isteach a shuí i dtaobh náisiúnaigh den Aetóip atá ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch na mBallstát a shainaithint, doiciméid taistil éigeandála a eisiúint agus oibríochtaí um fhilleadh a bheith á n-eagrú go tráthrialta. Dá bhrí sin, ní gá bearta víosaí a chur i bhfeidhm a thuilleadh maidir le náisiúnaigh den Aetóip agus ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1341 a aisghairm.

(6) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Cinneadh seo le *acquis* Schengen, tá an Danmhairg le cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh maidir an gCinneadh seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

(7) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[8]; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(8) Maidir leis an Íoslainn agus an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen[9] a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle[10].

(9) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen[11] a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle[12].

---

8 Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

9 IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

10 Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

11 IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

12 Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

(10) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen[13] a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle[14].

(11) Maidir leis an gCipir, is é atá sa Chinneadh seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1341 ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Is chuig Ríocht na Beilge, Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Seice, Poblacht na Cróite, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cróite, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, an Ungáir, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne, agus Ríocht na Sualainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

13 IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

14 Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).